# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## *Cúrsa Fáilteachais 2022*



I gcomhar le Bane Mullarkey, d'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir Cúrsa Fáilteachais a chuir ar siúl do scoláirí na hidirbhliana ón dá mheánscoil áitiúil, Scoil Phobail Mhic Dara agus Coláiste na bPiarsach, Rosmuc. Is comhairleoir turasóireachta í Bernadette Mullarkey le blianta fada de thaithí agus tuiscint dhomhain ar thurasóireacht agus ar fháilteachas aici go náisiúnta agus idirnáisiúnta. Oibríonn sí le cliant chun eispéiris iontacha a chruthú, a chur chun cinn agus a sheachadadh;

eispéiris a thugann eachtra, pléisiúr agus brí do lucht saoire as Éirinn agus ó ar fud an domhain. Chuir na daltaí tús leis an gcúrsa ar an 29 Márta in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna agus iad ag foghlaim go gníomhach faoi na turasóirí éagsúla a thagann go hÉireann, agus cén chaoi ar féidir freastal orthú chun cinntiú go mbeidh eispéiris uathúil acu in fhad agus atá siad anseo, agus go mbeidh cuimhní cinn dearfach acu nuair a fhágann siad an ceantar. Chuir Bernadette os a gcomhair an tsuim a bhíonn ag turasóirí inár dteanga, cultúr, traidisiúin, bia agus an oidhreacht áitúil. Mheabhraigh sí dúinn go bhfuil an t-ádh linn agus muid mar chuid de Slí an Atlantaigh Fhiáin agus an Ghaeilge againn go nadúrtha. An dara lá den chúrsa, tugadh na daltaí ar chamchuairt ar Chonamara chun an áilleacht atá timpeall orainn agus na nithe díol spéise do chuairteoirí, gníomhachtaí agus an t-eispéireas cultúrtha a fheiceáil. Is deis iontach a bhí anseo do na daltaí tuiscint a fháil ar an réimse eispéireas turasóireachta atá ar fáil inár gceantar áitiúil. Thosaigh an turais in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh agus d'fhoghlaim siad faoi tábhacht a bhaineann leis an stair agus cultúr áitúil.



Chuaigh siad ar aghaidh chuig Luibín Mhaírois agus ina dhiaidh sin fuair siad caifé, tae agus sólaistí Tigh Mheaic, áit ar labhair Clíona Ní Chualáin leo faoi thábhacht na Gaeilge san earnáil agus a gcuid taithí féin san earnáil turasóireachta.

Tar éis an briseadh beag sin, thóig siad grianghraf ag Pointe Radhairc Cé

Ghlinnsce sula lean siad ar aghaidh go dtí Glasbhealach Chonamara in aice le Baile na hInse.

Chuir Máire O' Connor fáilte roimh na daltaí ag Lough Inagh Lodge lé lón a bhí thar a bheith blasta- ceapairí, anraith agus diúilicíní. Fuair siad turas don óstán agus shiúl siad thart ar na tailte álainn.
Thaistil siad ansin níos faide ó thuaidh go dtí Mainistir na Coille Móire, atá ar cheann de na nithe is díol spéise do chuairteoirí in Éirinn agus ceann de na cinn scríbe turasóireachta is mó a bhfuil cuairt á tabhairt air lasmuigh de mhór-réigiún Bhaile Átha Cliath, agus labhair an stiúrthóir feidhmiúcháin, Conor Coyne, leis na daltaí.
Críochnaíodh an turas áit ar thosaigh siad an cúrsa, Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, agus bronnadh na teastais ar na scoláirí.
Thug na scoláirí aiseolas iontach maidir leis an gcúrsa. Dúirt dalta amháin gur tar éis di an cúrsa a chríochnú, mothaíonn sí go bhfuil 'níos mó misneach agam dul ag obair san earnáil turasóireachta mar go bhfuil fhios agam cén chaoi a oibríonn sé'.

Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir comghairdeas a dhéanamh leis na daltaí agus buíochas a ghlacadh leis na daoine seo a leanas a chabhraigh linn an cúrsa a eagrú agus a rith:

- Bernadette Mullarkey (Bane Mullarkey)
- Eileen Davis, Máirtín Ó Cathain agus Susan Geary ó Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
- Michael Dunworth
- Máirtín Ó Meachair agus Colene Ní Niaidh- Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh
- Clíona Ní Chualáin agus foireann Tigh Mheaic
- Dominic Ó Móráin agus Máire O'Connor, Lough Inagh Lodge
- Conor Coyne, stiúrthóir feidhmiúcháin Mhainistir na Coille Móire
- Diarmuid Ó Máinín agus Reamón Mac Donnacha
- Foireann scoile Coláiste na bPiarsach agus Scoil Phobail Mhic Dara

Is é seo an chéad chúrsa dá leithéid a reáchtáladh trí Ghaeilge agus tá súil ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir cuir leis agus é a eagrú go bliaintúil as seo amach.







### *Sarah Ghriallais, Amhránaí TG4 2022*

Bronnadh Gradam Amhránaí na Bliana, 2022 TG4 ar Sarah Ghriallais, ag an gceolchoirm sa gCeoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath ar Dhomhnach Cásca, an 17 Aibreán. Ar ndóigh, is amhránaí den scoth ó Mhuiceanach Idir Dhá Sháile í Sarah agus ó aois óg bhí sí báite i dtraidisiún an cheoil agus an sean-nós. Bhuaigh sí Corn Uí Riada ag Oireachtas na Gaeilge i 1984, duais a bhuaigh Clann Uí Ghriallais ocht n-uaire ó shin; a deirfiúracha Nan agus Nora (Beannacht Dé leo) agus le déanaí, a mac Michael Frank Ó Confhaola agus a neacht Celia Ní Fhátharta.



Ina theannta sin, ceapadh Sarah ina hamhránaí cónaithe i Léann Éireannach Ollscoil na hÉireann, Gaillimh sa bhliain 2017 áit ar óstáil sí sraith ceardlann sean-nóis.

Chuir pobal Chamuis agus a cairde fáilte mhór roimpi tráthnóna Dé Domhnaigh agus í ag teacht abhaile lena gradam.

Comghairdeas ó chroí leat a Sarah, is cinnte go bhfuil sé tuillte go mór agat!

## Clár na gComhlachtaí 2022

Comhghairdeachas mór le Frámaí Chonamara as Scoil Phobail Mhic Dara, Carna , a bhuaigh Clár na gComhlachtaí 2022, comórtas a bhíonn á reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta do dhaltaí idirbhliana i scoileanna Gaeltachta. Beidh bunaitheoirí na comhlachta- Clíona Ní Dhuinn, Dara Ó Cualáin, Stephen Breathnach, Ciara Áine Ní Mhaoilchiaráin, agus Ciara Máire Ní Chualáin- ag déanamh ionadaíocht ar son na hÉireann ag Comórtas Chomhlacht na Bliana Junior Achievement na hEorpa 2022 a reáchtálfar san Eastóin i gceann cúpla mí. Guíonn muid gach rath orthu.

Comhghairdeas freisin le Seodra Mara a bhí san iomaíocht chomh maith don phríomhdhuais- sin dhá comhlacht ó scoil amháin!






# *Caifé an Phobail*

**Cuireadh tús arís le caifé an pobail in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ar an 16ú Aibreán. Bhí maidin álainn ag gach duine a tháinig isteach agus bhí neart tae/caife, cácaí agus scónaí ar fáil. Beidh an caifé ar siúl gach Satharn san ionad ón 10:00 r.n. go dtí 12:00 i.n.**
**Rachaidh aon bhrábús go chúiseanna maithe ag tosú le cás mhuintir na hÚcráine. Tá an caife seo á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta.**







## Saor Raidió Chonamara

**Bhí Raidió na Gaeltachta ag craoladh beo ón Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh ar maidin Luan Cásca, 18 Aibreán. Is i Rosmuc a tháinig Saor Raidió Chonamara ar an aer le linn aimsir na Cásca sa bhliain 1970. D'fhás Raidió na Gaeltachta as seo ansin agus ar ndóigh tá siad ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód i mbliana,chun stair Raidió na Gaeltachta le 50 bliain anuas a chomóradh agus a cheiliúradh. Craoladh clár speisialta d'Adhmhaidin agus Iris Aniar beo an mhaidin sin agus cuireadh agallamh ar leithéid Seosamh Ó Cúig, Máirín Mhic Lochlainn, Maidhc P Ó Conghaile, Mairéad Uí Chuaig agus Pól Mac Donncha. Mar chuid den ócáid, bhí ceol agus neart comhráití eile chomh maith.**






# Club Cásca Chonamara Láir

(le Ciara Ní Niaidh)



Rith an smaoineamh liom níos luaithe i mbliana nach raibh mórán, más é aon, deis/imeachtaí ag gasúr óga an cheantar a bheith páirteach i gCampaí taobh amuigh den scoil le dhá bhliain anuas de bharr Cóibhíd. Cuimhním féin siar ar mo chuid blianta sa mbunscoil, agus cuid de na smaointí is fearr atá agam ná a bheith páirteach i gclubanna théis na scoile, nó a bheith ag dul ag campaí le linn laethanta saoire, 'gus ag buaileadh le daoine nua.

Tháinig mé suas le sórt plean beag go mbeadh mé féin agus mo dhearthái Cian in ann grúpa beag gasúir idir cúig bliana agus dhá bhliain déag d'aois a thabhairt le chéile i gColáiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh ar feadh cúpla lá i rith briseadh na Cásca. Is dóigh gurbh é an imní is mó a bhí orainn ná an mbeadh a ndóthain suime ann agus an mbeadh muid in ann na costaisí a chlúdú, sé sin tuarastal, árachas, cíos, ábhar ealaíne, ábhar spóirt, ábhar bácála agus costaisí eile riaracháin.


Ag plé mo chuid imní le roinnt daoine, mhol siad dom dul i dteagmháil le Pleanáil Teanga Chonamara Láir mar go dtugann tacaíocht do togarí éagsúla in san gceantar. Caithfidh mé Anne Uí Dhonnacha agus Úna Bhreathnach a mholadh go hard mar gan iad, ní bheadh aon Chlub Cásca ann. Rinne siadsan gach iarracht go mbeadh muid in ann Club Cásca Chonamara Láir a ghníomhú go rathúil agus fáilte a chuir roimh ógánaigh an cheantair. Gan an tacaíocht a bhfuair muid ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir, níl seans go mbeadh an Club ar siúl do ógánaigh an cheantair. Cuireann sé gliondar i mo chroí nuair a thagann pobal le chéile chun tacaíocht a thabhairt do dream áitiúil chun tús a chuir le rud mar seo.






**a luaithe a rinneadh roinnt mhaith fógraíochta, bhí muid ag fáil níos mó aitheantais sa bpobal agus bhí daoine áitiúla ag léiriú níos mo suime ar céard a bhí ar siúl againn. Bhí muid ag súil le club beag, timpeall dhá dhuine dhéag ach d'fhás an uimhir clárúcháin suas go dtí beagnach caoga gasúir! B'éigin dúinn beirt eile a fhostú chun coinneáil suas leis an éileamh. Rud nár chreid muid a tharlóidh an lá ar shuí mé fhéin agus Cian síos le plean beag a chuir le chéile. Bhí gasúir linn ón gCaiseal go dtí an Cheathrú Rua agus chuile áit ina lár. Bhí sé dochreidte go raibh muid in ann Club chomh mór a tharraingt le chéile agus go raibh tuismitheoirí sásta taisteal gach lá chun na gasúir a fhágáil linn.**

**Tá muid an-bhródúil go raibh muid in ann Club a eagrú do ghasúir óga na háite, na daoine ba mheasa a bhí buailte ag cóibhíd i mo thuairim-se. Thug muid seans dóibh sóisialú go nadúrtha arís, cairde nua a dhéanamh agus scileanna nua a fhoghlaim, ar nós spórt, ealaín, eolaíocht, bácáil, ceol agus damhsa. Bhí seachtain spraíúil againn i Ros Muc.**
**Glacaim buíochas mór le Pleanáil Teanga Chonamara Láir, Coiste Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsach, go háirithe Tomás Ó' Máille agus Brendan Kinneavy a chuir an t-ionad ar fáil dhúinn ar ráta níos ísle. Tá buíochas mór ag dul ag Cian Ó Niaidh, Éabha Casey, Bróna Ní Ceallacháin a d'oibrigh linn ar feadh na seachtaine agus le Niamh Ní Dhonnacha a chaith lá linn. Tá buíochas mór ag dul ar ndóigh dona gasúir a tháinig chuig  Club Cásca Chonamara Láir agus na tuismitheoirí a léirigh an-suim ann. Nár laga Dia sibh!**






# Coirnéal Chomhrá- 'Ar Chuala Tú?'




**Aoi na míosa: Úna Bhreathnach**
**Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga Chonamara Láir**

**1. Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Cúpla ainm- Úna Della/Tamín agus Nunie.
**3.Ar fhás tú suas sa cheantar seo?** D'fhás mé suas ar an Áird Mhóir agus táim i mo chónaí anois i nGlinnsce.
**2.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Tá an t-ádh orm gurb í an Ghaeilge mo chéad theanga. Fiú nuair a bhí mo mhuintir i Londain, thóg siad an chuid is sine den chlann le Gaeilge agus táim an-bhródúil go raibh an ghrá sin acu don teanga. Cinnte is mar gheall orthusan a bhfuil an meas céanna agam féin ar an nGaeilge. Bhí suim agam riamh sa gcultúr, stair agus traidisiún a bhaineann leis an gceantar. D'oibrigh mé ar feadh cúpla bliain in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Rosmuc mar threoraí, áit ar fhoghlaim mé gur teanga seanda agus acmhainn uathúil agus thábhachtach í an Ghaeilge agus go bhfuil suim ag daoine ó gach cearn den domhan inti. D'fhreastal mé ansin ar Ollscoil na Gaillimhe agus bhain mé céim amach i nGaeilge agus Stair. Tá mé anois mar Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga do Chonamara Láir ó Nollaig 2020 agus ag obair ar an talamh le foireann iontach ó lá go lá chun bearta an Phlean Teanga a chur i bhfeidhm.
**6.Céard é an béile is fearr leat?** Ballach buí le fataí nua
**7.Céard é an boladh is fearr leat?** Leabhar nua, uachtar gréine agus boladh na farraige.
**8.Céard é an deoch is fearr leat?** Micil Gin le Elderflower Tonic nó muigín deas láidir caifé
**9.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Teach Ghlinnsce- Díreach béal dorais agus ní féidir dul tharis.
**10.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** A bheith amuigh ar an bhfarraige! Taitníonn liom a bheith ag siúl nó ag rith freisin- tá muid millte ag na radharcanna áille atá timpeall orainn anseo i gConamara Láir.
**11.An t-am den bhliain is fearr leat?** Deacair le rá mar tá athruithe dearfacha le feiceáil de réir mar a athraíonn gach séasúr. Ach, b'fhéidir an fómhar mar gheall ar na dathanna éagsúil.
**12.An saoire is mó cuimhní agat ar?** Nuair a ndeachaigh mé féin agus é féin síos go dtí an Astráil chun ár gcairde a fheiceáil i Sydney agus m'uncail i Melbourne. É sin ráite, bhí turais amach go Fínis nó Oileán 'Spike' chomh maith le saoire ar bith agus muid ag fás aníos.
**13. Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann?** Is maith liom gach cineál ceoil- Johnny Cash, Bob Marley, Jack Johnson, Eva Cassidy, Luke Kelly, AC/DC- liosta ró-fhada!
**3.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Scannáin stairiúil ach freisin 'fantaisíocht' ar nós Lord of the Rings, Harry Potter agus na scannáin Marvel.
**14.Dá mbeadh tú ag ceannach leabhar – cén saghas leabhar ba mhaith leat?** Leabhair le cúlra stairiúil.
**15.An noiméad don lá is fearr leat?** Ag ithe mo bhricfeasta tar éis a bheith amuigh ag rith nó siúl luath ar maidin.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Pauline Ní Cheannabháin a bhuaigh comórtas mhí Aibreáin. Tógadh an pictiúr den radharc álainn seo i Muighros.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.
Is í Johanna, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí Bealtaine chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

**Tógadh an t-eolas seo ó shuíomh idirlín www.oidhreachtlca.ie**

Is logainm é Loch Con Aortha atá gan brí: ní dhéanann na trí fhocal le chéile aon chiall mar ainm baile fearainn. Fuair muid scéal suimiúil ó Eddie Bheairtle Ó Conghaile as an Aird Thiar, agus fuair seisean é ó Shéamus Sheáin Mac Con Iomaire as Cill Chiaráin, faoi ainmniú an bhaile. De réir mar a dúirt sé, bhíodh leigheas d'fhaithneachaí agus galraí craicinn san uisce a d'fhanfadh ar chloch eibhir áithríd amháin atá ithuas i mbarr an bhaile. Théadh daoine chomh fada leis an gcloch seo agus d'abródh siad an rann seo trí huaire mar ortha:
"Uisce chloch gan iarraidh, ní go d'iarraidh atáim"
"Uisce chloch gan iarraidh, ní go d'iarraidh atáim"
"Uisce chloch gan iarraidh, ní go d'iarraidh atáim, ach ag iarraidh leigheas".
Má deirtear na focla "cloch gan iarraidh" arís agus arís eile, tiocfaidh tú ar an bhfuaim chéanna le Loch Con Aortha, agus de réir na mblianta d'athraigh foclaíocht na bhfuaime seo

## Seanfhocal na Míosa:

Bia agus deoch faoi Nollaig, agus éadach nua faoi Cháisc

---

## Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.